Guṫ ón Ḃreatain Ḃig

"Amáraċ" mar "aer úr" na sléiḃte

17 Ffordel Castell,
Muesgeirchen,
Bangor, Nth. Wales.
12aḋ Feaḃra, 65.

A ċara díl,

Is miṫid dom mo sintiús do ċur ċugat mar íocaiġíoċt ar an ṗáipéar a tagann go rialtaċ gaċ Máirt mar aír úr na sléiḃe ċuig an deoraiḋ boċt. Tá an tordú puist (30s.) istiġ leis seo.

Is léir ó'n Ṗáipéar Ḃáin naċ ḃfuil an Rialtas atá anois i gcoṁaċt ag dul moráin do ḋéanaṁ as uċt na Gaeḋealtaċta ná ar son na teangan. D'réir a léiġim ar na páipéaraiḃ Gaeḋilge bíonn níos mó baoġal inniu ann go gcaillfear ár dteanga ná mar a ḃí riaṁ aċ ar feaḋ "twice four hundred years" (mar a deireanns an tsean aṁrán) faoi smaċt śáil-iarrain na nGall do coinniġeaḋ an teanga úd beo d'aimeoinn gaċ faiḋḃ is gaċ deacraċta. Mairfiḋ sí fós agus beiḋ an buaiḋ aice sa deire, le cuideaḋ Dé agus le cuideaḋ cloinne na nGaeḋeal má táid 'n dáiríriḃ. Ḃíoḋ daoine na hÉireann i gcoṁnaiḋe "i gcoinniḃ an Rialtais" agus is dóċa go mbeiḋ sé mar so go deire an doṁain.

An rud é go ḃfuil na Gaeḋilgeoirí ag cur an oirid sin suime i ndul ċun ċinn na teangan agus is cóir? Pobal na Gaeḋealtaċta féin, cad tá ḋá ḋéanaṁ aca-san ċun na teangan - labarṫa do leaṫnuġaḋ ar fud na gceanntar taoḃ amuiġ de'n Ġaeḋealtaċt?

Agus Cumann Lúṫ-Ċleas na nGaeḋeal, cad tá ḋá ḋéanaṁ ag an dream so ar cuireaḋ ar bun blianta ó śoin ċun na gCluiċe ⁊ na Teangan Gaeḋealaċ a ċur ċun cinn.

Táṫar ag cainnt is ag scríoḃaḋ faoin 'Ban' (riaċala 27 agus 29 sa treoiriḋe oifigiúil an Ċumainn) aċ níl tráċt ar biṫ ar an riaġal eile úd fá dtaoḃ den teangaḋ.

Mar aḋḃar suime ní aontuiġim go lán leis an "Ban" so. Níl sé ag déanaṁ móráin maiṫis do ċúis na Gaeḋilge ná d'aon ċúis eile Gaeḋealaċ.

Ba ḋeacair a rá cad a b'ḟearr a ḋéanaṁ ar son Aiṫḃeoċainte na Gaeḋilge an uain seo. Eacnamaiġeaċt Gaeḋealtaċta (nó na nGaeḋealtaċt) sin ceist eile aċ is léir go ḃfuil an dá ċeist ċoṁ fiaiġṫe fúiġṫe le ċéile naċ mbéaḋ sé féidir ceaċtar a ġlacaḋ ban bac ar a' ċionn eile.

Táim ag cainnt (ag scríoḃaḋ) anois agus mo ṫeanga 'mo ṗluic agam, mar ní h-eol doṁ a ḋótan i dtaoiḃ na ceiste, aċ adeirfinn go mba ceart do na daoiniḃ ċromaḋ ar an obair iad féin, mar tosaċ, agus nuair a ḃéaḋ taispeáint aca b'ḟéidir go mb'ḟusa suim a Ċoṁairle Áiteaṁla do músgailt.

Aċ ar eagla go gcuirfeaḋ mo ḋá ċos ann ní aḋróċaḋ níos mó.

Mise, le buiḋeaċas,

Pádraig Mac Cearnaiġ.

Cuir an milleán ar an dream ceart

Cois Farraige.

A Eagartóir, a ċara,

Meas cuid againn anseo go mbeaḋ ana ċaint ar siúl agus ana taḃairt amaċ i gcoinniḃ an Ṗáipéar Ḃáin agus an easpa plean don Ġaeltaċt. Ċeapamar go mbeaḋ ċuile ṗaráiste insan Ġaeltaċt ag éirí suas go tréan ina ċoinniḃ. Ḃí cruinniú aṁáin ag Coṁ-Ċoiste na gCoistí Forbarṫa anseo, agus ċuir siad ina ċoinniḃ, aċ níor ċuir siad 'na ċoinniḃ láidir go leor. Taoḃ amuiġ de sin, ní ḟios dúinn gur dearnaḋ mórán eile. Cé'n fáṫ naċ dtéann gaċ Coiste cúige de Ṁuintir na Gaeltaċta le ċéile ⁊ rún láidir a ċur i bḟeiḋm ag diúltú ar fad don Ṗáipéar Bán do Roinn na Gaeltaċta, agus ag léiriú don ṗobal naċ ḃfuil dóċas ar biṫ ar an Ġaeltaċt i nGaeltarra Éireann?

Agus cé'n fáṫ naċ ḃfuil ráiteas iomlán soiléir ó Árd-Ċoiste Ṁuintir na Gaeltaċta ag rá naċ ḃfuil muinín ná doċas ag an Ġaeltaċt ins na moltaí éiġċinnte nó ins an leiṫscéal de ṁoltaí atá insan Ṗáipéar Bán.

Muna ndéanaiḋ sé maiṫeas ar biṫ, ar a laġaḋ cuirfiḋ sé an milleán ar an dream ar ċeart é ċur orṫa, agus léireóiḋ sé an scéal do ṗobal na tíre idir Gaeilgeoirí agus Béarlóirí. Agus go h-áiṫrid do na Béarlóirí, mar tá Béarlóirí ann fós naċ eol dóiḃ ċoṁ h-olc agus atá an scéal insan Ġaeltaċt.

Mise, le meas,
Liam Ó Conḟaola.

Béarla i nGleann Colmcille

Sráid Ṁaolḃríde.
Baile Áṫa Cliaṫ.

A Eagartóir, a ċara,

Léiġim do ṗáipéar, agus cé naċ n-aontaím le gaċ rud atá ann caiṫfiḋ mé a rá gur páipéar furast le léaṁ é, agus páipéar a ḃeir nuaíoċt dúinn. Aċ, ḃí rud ann an tseaċtain seo ċaite, a ċur alltaċt ar fad orm. Ḃí píosa nuaíoċt ansin a' rá go ndeaċa Cumann Béarla as Cill Ċárṫa síos go dtí Gleann Colmcille. agus gur léiriġ siad dráma Béarla ansin.

Tá súil agam naċ fíor é seo nó go ḃfuil dearmad éigin san scéal, mar tá sé an deacair a ṫuiscint go raċaḋ dream ó Ċill Ċárṫa, baile mór ar dearnaḋ oiread ar a śon, agus a ḃfuil monarca Gaeltarra Éireann ann, síos go dtí Gleann Colmcille, ceann de na h-áiteaċa Gaeltaċta is mó cliú sa tír, ⁊ go h-áiṫrid anois go ḃfuil an sagart óg ansin ag déanaṁ oiread ar son an ṗobail, agus go léireóḋ siad dráma Béarla ag cur Béarla ċun cinn fríd an Ġaeltaċt sin.

Tá súil agam go ḃfuil dearmad éigin ann agus go scríofaiḋ duine éigin ón áit ag innsint dúinn naċ i mBéarla a ḃí an dráma ċor ar biṫ aċ i nGaeilge.

Tá imní mór ar ċuid againn i mBaile Áṫa Cliaṫ faoi'ne leiṫéid de rud a ṫárlú.

Mise, le meas.
Seán Mac Giobúin.

Scolaireaċtaí

Ins na condaeṫe Gaeltaċt seo mar a ḃíonn na scolaireaċtaí ċuig meán scoltaċa (taoḃ amuiġ de scolaireaċtaí na Gaeltaċta), ó na Coṁairlí Condae.

Ḃí 160 iarrtóir i 1962 i nDún na nGall agus tugaḋ amaċ 36 scolaireaċtaí. Ḃí 185 iarratóirí i nGaillim agus tugaḋ 63 scolaireaċtaí, 210 iarratóir i gCiarraí agus tugaḋ 44 scoláireaċtaí, 202 iarratóir i Muiġeo agus tugaḋ 44 scoláireaċtaí. Is fiú ó £25 go £75 an scolaireaċt i nDún na nGall. Idir £30 agus £100 i nGaillim, idir £25 agus £70 i gCiarraí agus £55 an ceann i Muiġeo. I scolaireaċta ollscoile tugann Dún na nGall 5 ar luaċ £190, Ciarraí 4 de ṁeán luaċ £225 sa ḃliain agus Muiġeo 8 de ṁeán luaċ £150 sa ḃliain.

Tiṫe á ndruid, bailte á mbánú

Tá an **saol** go breá sa Ġaeltaċt de réir an Ṗáipéar Ḃáin ⁊ deontaisí de gaċ cineál ann atá inann gléas beaṫa a ṫaḃairt do ṗobal na Gaeltaċta ar a gcuid gabaltaisí. Seo somplaí den ċaoi a ḃfuil na deontaisí seo ag coiméad ṗobal na Gaeltaċta sa baile.

Taoḃ istiġ de ċuiṁne na ndaoine atá ann anois ḃí 13 tiṫe agus teaġlaiġ i mBaile an Easa in aice le Carraig Airt. San lá inniu níl oiread agus cónaí aṁáin ar an ḃaile. Níl teaġlaċ aṁáin ag éirí aníos in iomlán Ḃaile an Easa.

I mbaile fearann Ḃearnais taoḃ amuiġ de Ṫearmon, i ḃfad taréis ḃunú an Stáit seo, ḃí 25 tiṫe agus teaġlaiġ ionta. Tá gaċ ceann de na 25 toiṫe sin druite anois. Níl neaċ beo ina ċónaí ionta. San baile fearann in aice leis, Mín Laraċ, ḃíoḋ 6 teaġlaiġ ina gcónaí ann. Tá na tiṫe gan neaċ beo ionta anois, agus an díon ar śiúl de ċuid acu.

Baile fearann eile naċ ḃfuil ro ḟada ar śiúl, Drom Lorgaċ, ḃí 11 teaġlaiġ ann. San lá inniu níl aċ dá ċeann. I nGort na Sciaṫ, píosa beag amaċ ó Ċill Mac nEanáin, ḃíoḋ 14 teaġlaiġ níl aċ 5 anois.

I bparáiste Litir Ṁic a' Ḃáird, taoḃ ṫuas den Duḃċarraiḋ, ḃíoḋ ceann árus Trodairí na Saoirse agus luċt na Poblaċta ins an ċogaḋ caṫarḋa. An t-am sin ḃí breis agus dá scór teaġlaiġ taoḃ ṫoir de ráid ḃaile na Duḃċarraḋ. San lá inniu níl aċ 12.

Tá an scéal céanna fíor aċan áit fríd Gaeltaċt Ḋún na nGall. Ins na Gaeltaċtaí scaite, suas ins na sléiḃte is fusa a ḃfuil sé le taḃairt fé ndeara, aċ níl ionta-san aċ an ċéad ċuid le titim. Tá an rud céanna le taḃairt fé ndeara aċ naċ ḃfuil sé coṁ feicéalaċ fríd, fiú aṁáin, na Gaeltaċtaí is saiḃre.

An ḃfuil sé ró-ḋéanaċ?

Baile na Martra,
Co. Ċorcaí.
Lá 'le Ḃríde.

A Eagartóir, a ċara,

Cad is dóiġe leat don gCló Rómánaċ seo atá ropaiṫe anuas sa ṁullaċ orainn? Tá súil le Dia agam go ḃfuil tú ina ċoinniḃ. Sé mo ṫuairim féin gurb é buille an ḃáis ar an nGaeilge é. Cloisim ó ṁúinteoirí sa Ġaeltaċt gurb é an leaḃar Gaeilge, an leaḃar is deacra leo anois. Sin i ḃfíor-Ġaeltaċt Ċiarraí, áit a ḃfuil páistí beaga fós gan Béarla buíoċas le Dia.

Ní ḋéarfaiḋ mé a ṫuilleaḋ an turas so, go gcloisfiḋ mé uait a rá go ḃfuil tú i gcoinniḃ an Ċló Rómánaí éigeantaċ. Agus ansin ba ċeart dúinn plean éigin a ċeapaḋ ċun oibriú ina aġaiḋ.

Beannaċt go fóill.

S. Mac S.

Nóta: Ar an ṗáipéar seo, d'ḟoilsiomar bliain go leiṫ roiṁ an rial do ṫeaċt amaċ, go raiḃ na pleananna á ḋéanaṁ ċuige i Roinn an Oideaċais. Scaipeamar an t-eolas sin go leiṫeadaċ imeasc léiṫeoirí an páipéar. Ba é sin an ta-m le feaċtas a ċur ar siúl i gcoinniḃ an Ċló-Rómánaí éigeantaí. Ṫuigeamar gur mar adeir S. Mac S. a beaḋ an scéal insan Ġaeltaċt. Mar sin féin, is cosúil go ḃfuil an scéal ró-ḋéanaċ anois. Tá an cló Rómánaċ i bfeiḋm le bliain nó ḋó ins na scoileanna. agus is fíor deacair go ndéanfaí aṫrú ar biṫ air i láṫair na h-uaire. Pé doċar a ḋéanfaiḋ sé don Ġaeilge agus don Aṫḃeoċaint, caiṫfiḋ sin titim ar ġuailneaċa na ndaoine a ċur an plean seo ar aġaiḋ gan géilleaḋ do ṫoil an ṗobail in aon ċor.

Ní ṫuigeann leaṫ aṁáin an leaṫ eile

Ḃí eiteallán le pílóit agus aon ṗaisnéir aṁáin ag dul ṫart os cionn aerṗort lá. Ansin ṫosaiġ an pílóit ag dul ṫart os cionn páirc ċluiċí a ḃí sa ċoṁarsanaċt. Go tobann stop an pílóit an t-inneal agus ṫosaiġ ag sleaṁnú síos.

"An ḃfuil ḟios agat " arsa seisean ag gáirí agus ag féaċaint síos dó, "Cuirfiḋ mé mo réiḋ geall go síleann leaṫ na ndaoine ṫíos ansin sa páirc go ḃfuilimíd ar tí titim de ṫuairt.' Liġ an paisninéir osna lag as agus ar seisean go neirḃíseaċ — "Síleann leaṫ aṁáin againn ṫuas anseo an rud ceanann céanna!"

— — — —

Gonta i gceart

Ṫug an máistir ceaċt ar na hÉiscimós agus an tír reoite mar a ḃfuil cónaí orṫa. Ansin d'iarr an máistir orṫa aiste ġoirid a scrí orṫa.

Seo mar scrí gasúr beag gasta aṁáin: "Siad na hÉiscimós daoine reoite Dé!"

— — — —

Reaṁar

Ḃí feirmeoir ar mire lá nuair a maríoḋ muc breá reaṁar leis tré tionósc gluaisteáin. "Ná bíoḋ buaiḋreaḋ ort", arsan tiománaí leis an feirmeoir. "Líonfaiḋ mé áit na muice duit." "Cá dtig leat!" arsan feirmeoir go feargaċ. "Níl tú reaṁar go leor ċuige!"

Coiṁlint

Ċuir bainisteoir siopa fógra sa ḃfuinneóig ag inse don ṗobal a raiḃ le fáil na śiopa:—

"Má ṫeastaíonn sé uait, tá sé againne."

Aċ tamall na ḋiaiḋ sin cuireaḋ suas fógra eile i siopa coiṁ-linteora sa dorais aige:—

"Muna ḃfuil sé againn, ní ṫeastaíonn sé uait."

— — — —

Máistir: Seo a Ṫomáis, déanfaiḋ muid an abairt seo a ṁíndealú; "Ḋiúltaiġ Séamas an piġeog. Caidé Séamas?"

Tomás: Amadán ceart é!

— — — —

Lán na súil

Iascaire: Ruġ mé uair aṁáin ar iasc oċt n-orlaí.

Iascaire eile: Ní dadaiḋ sin a ḋuine. Ruġ mé féin ar go leor éisc a ḃí os cionn fiċe orlaċ ar faid.

Iascaire. Aċ. san áit a ḃfuil cónaí orm-sa, tóṁasaimíd ár gcuid éisc idir an dá śúil!

— — — —

Bás nó beaṫa

"Tá mé buarṫa tú taḃairt amaċ a leiṫéid de lá fliuċ a ḋoċtúir," arsa an bean-tí, "aċ tá pian millteaċ ar m'ḟear ċéile anseo."

"Ó ná bac le sin," arsan doċtúir léi, "tá sé ceart go leor mar go ḃfuil oṫar eile agam sa doras anseo agus tig liom dá éan a ṁarú le cloċ aṁáin!"

Cé Ċaoi a Ḃfuil Caiġdean Gaeilge na Méan Scol ?

Tá imní ar ḋaoine smaoiteaċa fá cúrsaí caiġdeán na Gaeilge ins na meán scoltaċa agus go háiriṫe i scrúdaiṫe na meán scoltaċa le fada an lá. Níos measa atá a n-imní ag éirí.

Tá an scéal níos práinní le cúpla bliain anuas anois ó dúnaḋ na Coláistí Ullṁúċáin ós rud é go ḃfuilṫear ag piocaḋ aḃar múinteoirí do na Coláistí Oiliúna díreaċ ar ṫoraḋ Ard Teistiméireaċt na meánscoil.

Ḃí súil ann go mbéifí ag ardú an caiġdeáin ins an scrúdú béil san dóiġ go gcinnteofaí, fríd am, mar a cinntíoḋ ins na Coláistí Ullṁúċáin, go mbeaḋ doṫan Gaeilge ag na daoine óga a raċaḋ isteaċ ins na Coláistí Oiliúna.

Tá an doċas sin caillte anois ó h-aṫraíoḋ moḋ oibre an trial béil.

Deallraíonn sé go ḃfuil aḃar leis an imní sin anois ó ṫorṫaí Ard Teistiméireaċt don ḃliain 1963.

San ḃliain sin ġlac 2.580 buaċaillí an Páipéar onóraċ Gaeilge.

Níor ṫeip aċ ar 2 as 2.580.

Tá ceaċtar de ḋá rud fíor fá seo. Ḃí iomlán na scolairí a ċuaiġ isteaċ ar an Ṗáipéar seo go h-an ṁaiṫ ar fad, ó ḃí caiġdean an Ṗáipéar go h-an íseal. Bíoḋ do roġa agat.

An ḃliain céanna ġlac 2,496 an Páipéar pas. D'éiriġ le 2,321 pas a ḟáil. Níor ṫeip aċ ar 175 nó 7 p.c. den iomlán. Cé'n maiṫeas i dteist go n-éiríonn le 93 p.c. de na buaċaillí é a ḟáil?

Aċ is aisti arís é i gcás na gcailíní. Ġlac 2,732 an Páipéar Onóraċa agus d'éiriġ le 2,732.

Níor ṫeip ar aon duine aṁáin acu.

Ġlac 1.961 an Páipéar Onóraċa agus d'éiriġ le 1,859. Níor ṫeip aċ ar níos lú ná 5 p.c.

Caiṫfiḋ figiúirí mar seo duine a ċur ag maċnaṁ ar cad is fiú na teastaisí seo nó cad é an caiġdean Gaeilge atá ionta.

De ġnáṫ i scrúdú ar biṫ ní éiroínn aċ le timpeall 2-3 dá dtéann faoi scrúdú.

Ins an scrúdú céanna, ċuaiġ 3,225 cailíní faoi scrúdú ins an Ṗáipéar Onóraċa Béarla don Ard Teistiméireaċt. Níor éiriġ aċ le 3,153, sé sin gur ṫeip ar 72 daoṫa. Agus níor ṫeip ar aon duine aṁáin sa Ġaeilge. Caiṫfiḋ daoine smaointeaċa ceist a ċur orṫa féin cad tá ar siúl ins na scrúdaiṫe seo nó an ḃfuilṫear ag cur dalla mullóg orainn de tairḃe na Gaeilge de. Béifear ag smaoiniú níos mó ar sin arís tar-éis an aṫrú ins an trial béil.